



An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Tuairisc ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta don Choiste Comhairleach um Oideachas Gaeltachta

Dáta: Dé Luain, an 25 Meitheamh 2018

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Scoileanna: Márta - Meitheamh 2018

Bunscoileanna (106 cláraithe don Scéim):

Cuireadh comhairle ar 40-50 scoil trí ríomhphost nó le linn do na hoifigigh a bheith sna ceantair éagsúla.

Aibreán-Bealtaine: Reáchtáladh seimineáir x 8 do na bunscoileanna uile - múinteoir amháin in aghaidh na scoile - dírithe ar an luath-thumoideachas.

Iar-bhunscoileanna (28 cláraithe - stádas scoile ag Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin anois):

Márta-Bealtaine 2018: Tugadh cuairt ar 17 n-iar-bhunscoil le Cur i Láthair ar an bPolasaí a dhéanamh le foirne uile. Tá scoileanna eile socraithe do dheireadh mhí Lúnasa.

Scoileanna nár léirigh spéis go foirmeálta i Stádas Gaeltachta a bhaint amach:

- ▶ Litreacha seolta chuig na scoileanna ar fad ag tairiscint cabhrach agus/nó cur i láthair.
- ▶ Cuairteanna ar scoileanna agus/nó cuir i láthair déanta le príomhoidí/boird bhainistíochta.
- ▶ Glaonna fóin ar scoileanna.
- ▶ Aiseolas bailithe ó Gaeloideachas maidir lena gcuid oibre.

Meitheamh go Nollaig 2018

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL):

1. Leibhéal na nIar-bhunscoileanna

- ▶ seimineáir lae: forbairt na teanga trí ábhair eile (gach scoil)
- ▶ seimineáir lae: múinteoirí atá ag tosú ar mhúineadh ábhair trí Ghaeilge
- ▶ seimineáir tar éis am scoile: FCÁT

2. Leibhéal na mBunscoileanna:

- ▶ cúrsaí samhraidh: Conamara, Gaoth Dobhair & Corca Dhuibhne:
2-6 Iúil & 20-24 Lúnasa
- ▶ seimineáir lae: tumoideachas scoile uile (duine/beirt as gach scoil)
- ▶ seimineáir lae: múinteoirí tacaíochta Gaeilge (poist nua)
- ▶ seimineáir leathlae: múinteoir tacaíochta foghlama
- ▶ seimineáir tar éis am scoile: do gach múinteoir bunscoile: FCÁT agus forbairt teanga
- ▶ seimineáir áitiúla: nasc teanga sa cheantar. Nasc idir bunscoileanna/iar-bhunscoil agus pleanálaí teanga an cheantair.

Seimineáir do Phobail na Scoileanna

Eagrófar iad sna ceantair/sna scoileanna ina mbíonn éileamh orthu.

Treoir do Bhunscoileanna/d'Iar-bhunscoileanna An Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais

Le foilsiú Meán Fómhair 2018

Gá le traenáil/eolas a scaipeadh ar na scoileanna.

Tacaíocht don Tumoideachas

- ▶ Tacaíocht don tSraith Sóisearach: Téascleabhair 2017
Eolaíocht
Gnó
Gaeilge
- ▶ Tacaíocht don tSraith Sóisearach: Téascleabhair 2018
Stair
Tíreolaíocht
Eacnamaíocht Bhaile
Gaeilge
Mata (ábhar eatramhach)
- ▶ Pacáistí foghlama/tacaíochta don tSonraíocht T1
(Critéir theanga-bhunaithe a 5: Iar-bhunscoileanna)
- ▶ Tacaíocht do na Bunscoileanna
OSIE: Sraith leabhar

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Leagan faoi leith curtha ar fáil agus curtha i láthair do na bunscoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna den straitéis “An Cur Chuige Cothromaithe don Lítearthacht” trí shraith ceardlann.

Tairseach

Tá an obair ag dul chun cinn ar athfhorbairt an tsuímh www.cogg.ie agus na spriocanna maidir le tairseach tacaíochta don oideachas Gaeltachta.

Líonra

Tá tús curtha le forbairt líonraí do mhúinteoirí Gaeltachta.

Treoir a chur ar fáil do naíonraí agus do bhunscoileanna maidir le naisc a fhorbairt idir naíonraí agus an bhunscoil le heiseamláirí den dea-chleachtas a chur san áireamh (Colún tacaíochta 6: Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 43)

Tá tús curtha leis an réamhphlé maidir leis an treoir sin a fhorbairt.

Sparánachtaí

Beifear ag fógairt na sparánachtaí taighde mar is gnáth in Earrach 2019.